

Coiriúlacht sa lá atá inniu ann/ Coiriúlacht in Éirinn

Is ceist **achrannach** (intricate) í an choiriúlacht atá i mbéal an phobail le fada an lá anois. **Is léir do chách** (It's clear to everyone) go bhfuil an fhadhb seo ag dul in olcas le tamall anuas. Níl teorainn leis na scéalta uafásacha atá le cloisteáil ar an nuacht maidir le coireanna tromchúiseacha nó **mionchoiriúlacht** (petty crime). Tá an ráta coiriúlachta imithe in airde i mbeagnach gach ceantar le blianta beaga anuas. Is iomaí oíche a bhíonn achrann de chineál éigin ar shráideanna na cathrach i ndiaidh do na clubanna oíche agus tithe tabhairne dúnadh. Le déanaí tá **éabhlóid** (evolution) tagtha ar choiriúlacht ar líne a chruthaíonn deacrachtaí do na **húdarais** (authorities) atá ag iarraidh dul i ngleic leis. Mar thoradh ar **fhorbairt na teicneolaíochta** (developments in technology) tá réimse na gcoireanna tar éis leathnú – **calaois idirlíne** (internet fraud) ach go háirithe, i bhfoirm **camscéimeanna** (scams) ríomhphoist, **bradáil aitheantais** (identity theft), calaois creidmheasa, **sárú cóipchirt** (infringement of copyright) agus araile. San aiste seo déanfaidh mé plé ar na príomhchineálacha coireanna idir **fheileonach** (felony) agus ollghníomhartha atá mar chúis imní do shochaí na hÉireann inniu. Pléifidh me chomh maith an éifeacht a bhíonn ag mí-úsáid alcóil agus drugaí chomh maith le **cúlra eacnamaíochta** (economic background) ar an té a théann i muinín na coiriúlachta (the person who gets involved in crime).

Ní haon ionadh, leis an dul chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de, go bhfuil fás tagtha ar na coireanna atá á ndéanamh ar líne. Cloistear go mionminic sa lá atá inniu ann faoi **choiriúlacht an bhóna bháin** (white collar crime). Is iomaí uair a dhéanaimid **ginearálú** (generalising) ar choirpigh, samhlaímid fear salach, garbh ó chúlra bocht. I ndairíre bíonn lucht an meán agus an ard aicme bainteach le go leor coireanna chomh maith. Is minic a chloistear faoi chomhlachtaí **iontaofa** (trustworthy/reliable), mór le rá a chuireann dallamullóg ar dhaoine **neamhurchóideacha** (innocent). Is coir an-chomónta í calaois idirlíne i láthair na huaire seo. Mar a luaitear thuas, tá réimse leathan calaoise ó chamscéimeanna ríomhphoist go calaois carthanachta. Caithfear a bheith **feasach** (aware/wary/knowledgeable) ar na camscéimeanna seo, ionas gur féidir iad a sheachaint – níl ar intinn ag na coirpigh seo ach **airgead bog** (easy money) a ghnóthú. De réir figiúirí, bhí luach 29.6 milliún ar chalaos creidmheasa in Éirinn i 2015, agus **de réir dealraimh**

(apparently) rinneadh 70% dóibh ar líne. Ba **ghlaoch chun gníomh é** (this was a call to action) don Rialtas agus do na Gardaí, nár thig leibhéal na faidhbe roimhe seo.

Fadhb mhór eile na linne seo nach ndéantar trácht go minic sna méain air ná **foréigean teaghlaigh** (domestic violence). Dar le **hurlabhraí** (spokesmen) ó Thearmann do Mhná, is in olcas atá an scéal ag dul. Tugtar drochíde nó déantar **éigniú/ionsaithe gnéis** (rape/sexual assault) ar fhir, ar mhná nó ar pháistí ina dtithe féin agus bíonn orthu **teitheadh** (flee) chun tearmann a fháil. D'fhéadfadh an drochíde seo a bheith i bhfoirm fisicúil, **siceolaíoch** (psychological), mothúchánach, gnéasach nó airgeadais fiú. Is deacair a shamhlú go bhfuil daoine ann nach mbraitheann sábhailte/ go bhfuil a **saol i mbaol** (life in danger) ina dtithe féin. Ach léiríonn an taighde **an fhírinne fhuar** (the cold truth) – deir oibrí sa Tearmann go mbíonn suas le 14,000 glao gutháin ar a **líne chabhrach** (helpline) in aghaidh na bliana. Ní hamháin gur fadhb mhór í foréigean teaghlaigh ann féin ach léiríonn staidrimh agus staitisticí **gur féidir le timpeallacht baile foréigineach coirpigh a chruthú** (a violent home environment can create/produce criminals).

Taibhsítear dom (it seems to me) gur **andúil** (addiction/craving) é an t-airgead i mbealach éigin. Bíonn bochtanas agus fadhbanna eacnamaíochta mar príomhchúis le neart coireanna sa lá atá inniu ann. I mo thuairim mheáite níl aon locht ar na coirpigh ar tógadh iad i **dteaghlaigh bhriste** (broken families), nó i gceantar easnamhach (deprived area). Tá an **córas** (system) atá ar bun ag an Rialtas ag dul i gcoinne na ndaoine seo – tá siad ina gcónaí i gceantair gan mórán **áiseanna** (facilities) nó infheistíocht, le **leibhéal ard dífhostaíochta** (high level of unemployment) – ní haon ionadh go dtéann na déagóirí seo i muintir na coiriúlachta. Cruthaíonn ár gcóras sóisialta **timthriall bochtaineachta** (cycle of poverty) ina bhfanann na daoine seo agus ní éalaíonn siad uaidh go minic.

Tá **nasc** (link) láidir idir bochtanas agus mí-úsáid alcóil agus drugaí – agus cuireann **fochultúir an óil** (drinking culture) leis an bhfadhb seo. Fásann caidreamh neamhshláintiúil le drugaí agus alcól ach go háraithe ó chúlra an duine. Feictear arís is arís ón taighde go mbíonn rátaí arda mí-úsáid drugaí agus alcóil i **gceantair faoi míbhuntáiste** (disadvantaged areas). De ghnáth, ní bhíonn taithí ag muintir na gceantar seo ar aon **tslí beatha** (way of life) eile toisc nach bhfaigheann siad an t-oidreachas cuí. Tá drugaí mídhleathacha ar fáil go **forleathan** (widespread) i mbeagnach gach cathair agus baile in Éirinn – is cúis mhór imní í seo. Freisin síolraíonn an oiread sin achrainn agus trioblóidí sna cathracha ó mhí-úsáid alcóil. Caithfear a admháil chomh maith go bhfuil fadhb an **ólacháin faoi aois** (underage drinking) sa tír seo imithe ó smacht. Tá an iomarca béime curtha ar

alcóil mar **ghné den saol sóisialta** (aspect of social life) in Éirinn – caithfear a bheith mar **eiseamláirí** (examples) do phaistí, ionas nach rachaidh siad ar **bhóthar a n-aimhleasa** (road to ruin). Bíonn drochthoradh i gcónaí ar **ragús óil** (binge drinking), nós coitianta i measc déagóirí i gcónaí. Bíonn siad ag tógáil raic, ag titim i laige, ag caitheamh aníos ar shráideanna i ngach **cearn** (corner) den tír. Is léir go bhfuil fírinne leis an seanfhocal ‘ Nuair a bhíonn an braon istigh, bíonn an chiall amuigh’.

Táim den tuairim go bhfuil fadhb na coiriúlachta ag crá agus creimeadh na tíre i láthair na huaire seo. Níl aon dabht ach go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an foréigean imithe ó smacht ó cheann ceann na tíre agus go bhfuil réiteach nua-aimseartha de dhíth go práinneach nó rachaidh an scéal in olcas. Glacann an dlí agus na Gardaí páirt tábhachtach ach tá **treoir** (direction), **spreagadh** (encouragement) agus tuiscint riachtanach chun an cheist seo a réiteach. Caithfear a thaispeaint do na daoine seo **go bhfuil saol taobh amuigh den choir** (that there is a life outside crime).